

Ceannach Míreanna Neamhcaipitil TFC le hAirgead Deontais TFC a Fuarthas (An nuashonrú is deireanaí ar an gcáipéis seo: Lúnasa 2024)

1. Réamhrá

Ba cheart caitheamh an deontais TFC a ailíniú le haidhmeanna agus cuspóirí aitheanta Phlean Foghlama Digiteach na scoile agus próisis Féinmheastóireachta na Scoile.

Is féidir an deontas TFC a infheistiú i réimse teicneolaíochta a chaitheamh a aicmiú mar earraí caipitil nó neamhcaipitil ó thaobh na cuntasaíochta de. Féach thíos samplaí d'earraí caipitil agus d'earraí neamhcaipitil.

Earraí Caipitil

- Ríomhairí deisce, ríomhairí glúine, táibléid nó gléasanna hibrideacha
- Teilgeoirí, cláir bhána, scáileáin idirghníomhacha
- Nascacht leathanbhanda agus idirlín feabhsaithe

Féach [“Cur Chuige Cuntasaíochta Uimh. 9 maidir le Ceannach Earraí Caipitil TFC as Airgead Deontais TFC a Fuarthas”](#).

Míreanna Neamhcaipitil

- Uirlisí néalbhunaithe agus feidhmchláir bogearraí chun tacú leis an bhfoghlaím.
- Ardáin foghlama – is feidhmchláir néalbhunaithe iad seo de ghnáth a úsáidtear chun tacú leis an bpróiseas teagaisc agus foghlama.

Is iad cuid de na hardáin agus na huirlisí foghlama is coitianta atá á n-úsáid ag scoileanna ná

Google G Suite for Education (lena n-áirítear Google Classroom) nó Microsoft Office 365/Teams, Apple, Schoology, Edmodo, Schoolwise, KhanAcademy, Zoom, ClassDojo, agus Seesaw.

2. Cur Chuige Cuntasaíochta maidir le TFC Neamhcaipitil

Leagtar amach thíos na cóid ainmniúla atá le húsáid chun cuntas a thabhairt ar an deontas a fuarthas, ar chaitheamh an deontais agus ar aon iarmhéid nár caitheadh.

2.1 Nuair a fhaightear an t-ioncam deontais

Gníomh	DR/CR	Cód Ainmniúil	Cur Síos
Deontas a fháil	DR	1800	Cuntas Reatha 1 Sócmhainn Reatha
	CR	2165	Deontas TFC gan Chaitheamh Dliteanas Reatha

2.2 Nuair a cheannaítear an t-earra

Gníomh	DR/CR	Cód Ainmniúil	Cur Síos
An t-earra a cheannach	DR	4410	Costas Neamh-Chaipitiúil ó Dheontas TFC Caiteachas
	CR	1800	Cuntas Reatha 1 Sócmhainn Reatha

Gníomh	DR/CR	Cód Ainmniúil	Cur Síos
Caiteachas neamhchaipitil ó dheontas neamhchaipitil TFC a léiriú sa leabhar cúnta	DR	2165	Deontas TFC gan Chaitheamh Dliteanas Reatha
	CR	3230	Deontas TFC Neamhchaipitiúil Ioncam

2.3 Cuntas ar iarmhéid an deontais nár caitheadh

Is deontas imfhálaithe é an deontas TFC agus ní mór an t-iarmhéid nár caitheadh ag deireadh na bliana a réiteach agus cuntas a thabhairt air faoin gcód ainmniúil 2165 Deontas TFC gan Chaitheamh.